ULRR

FÉILE DÁNNERSTAG Tuairisc Dheiridh Tréimhse Gaeilge.pdf / DÁNNERSTAG PROJECT END OF FESTIVAL REPORT

Item Type	Report
Authors	De Brún, Sorcha;Holfter, Gisela
Download date	2026-01-24 15:17:32
Item License	https://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/4.0/
Link to Item	https://doi.org/10.34961/researchrepository-ul.25957234

Tuairisc ag deireadh na tréimhse maoinithe – Iarrthóir

Uimhir thagartha:

Scéim na bhFéilte

Ní mór an tuairisc seo a bheith líonta agus ar an chomhad ceithre seachtaine i ndiaidh dáta deiridh an tionscadail.

Ainm an tionscadail: FÉILE DÁNNERSTAG
Teagmhálaí: AN DR. SORCHA DE BRÚN
Méid an deontais: **€2500**
Fad an Tionscadail ó ll/mm/bb go ll/mm/bb: **22.09.2022 – 01.12.2022**

1. **Ar baineadh amach na spriocanna a bhí beartaithe i gClár na Féile? Sa chás nár baineadh luaigh, le do thoil, na fáthanna.**

Sprioc 1	Baineadh Amach	Níor baineadh amach	Sáraíodh	Fáthanna

Réimsí éagsúla nua-fhilíocht na Gaeilge a chur ar shúile an phobail agus daoine óga a mhealladh chun na teanga: an fhilíocht bheo (Julie Goo), mar shampla			√ Luaigh roinnt mhac léinn atá san Ollscoil ach iad ag déanamh céimeanna eile (Leigheas, Dlí) gur mhaith leo filleadh ar an nGaeilge atá acu agus í a úsáid – tar éis dóibh freastal ar Fhéile Dánnerstag	
Sprioc 2 Nua-fhilíocht na Gaeilge a aistriú go Gearmainís ionas go mbeadh **pobal nua léitheoireachta ag filíocht na Gaeilge**			√ Luaigh roinnt den lucht éisteachta gur mhaith leo an	

			Ghaeilge a fhoghlaim ag eascairt as an tionscadal Féile Dánnerstag	
Sprioc 3 Filíocht na Gaeilge a léiriú i gcomhthéacs ealaíona eile (na Gaeilge agus na hEorpa) le béim a leagan ar an ngné Eorpach, ar thábhacht an aistriúcháin, agus ar an toise idirnáisiúnta d'fhilíocht na Gaeilge. Mar shampla, rinneadh na léirithe san Acadamh-Cheol i Luimneach; i gcompháirtíocht le ceoltóirí an ICO (Ceolfhoireann Earagail na hÉireann)			√ D'éirigh go han-mhaith leis an sprioc seo: tá cúpla imeacht eile sa Ghaeilge le heascairt as Féile Dánnerstag nuair a rinne daoine freastal ar na hócáidí nach mbíonn ag freastal de ghnáth ar imeachtaí	

			Gaeilge	
Sprioc 4				
Nua-fhilíocht na Gaeilge a thógáil lasmuigh den Ollscoil go dtí pobal chathair Luimnigh ionas go bhfaigheadh pobail nua / pobail nach mbíonn teacht acu de ghnáth ar fhilíocht na Gaeilge		√		Cheal maoinithe, ní raibh Stiúrthóirí na Féile in ann na filí Gaeilge a thabhairt go dtí cathair Luimnigh agus imeachtaí a eagrú sa chathair féin (agus sna bruachbhailte) a thabarfadh filíocht na Gaeilge aistrithe go Gearmáinis go dtí na pobail seo.

2. **Luaigh, le do thoil, na torthaí a bhí beartaithe i gClár na Féile aontaithe agus na fíorthorthaí agus mínigh aon difear atá eatarthu.**

Toradh 1 beartaithe	Fíorthoradh 1	Difear
Filí éagsúla curtha i láthair ag pobail na Gaeilge, na Gearmáinise agus an Bhéarla: roghnaíodh filí atá i mbun ceirde le blianta fada; agus filí atá ag scríobh le cúpla bliain	Mar a chéile	Ní raibh de dhifear eatarthu
Toradh 2 beartaithe	Fíorthoradh 2	Difear

Réimsí fhilíocht na Gaeilge curtha i láthair, beo, ag pobail na Gaeilge, na Gearmáinise agus an Bhéarla	Mar a chéile	Ní raibh de dhifear eatarthu
Toradh 3 beartaithe Tábhacht an aistriúcháin do litríocht na Gaeilge trí chéile a chur ar shúile an phobail	Fíorthoradh 3 Mar a chéile	Difear Ní raibh de dhifear eatarthu
Toradh 4 beartaithe	Fíorthoradh 4	Difear
Filíocht na Gaeilge – agus an teanga dá bharr – a choimeád beo agus i gcoinsias an phobail as an bhféile Gaeilge-Gearmáinis seo;rinneadh seo as ábhar a scaipeadh ar líne agus ar na meáin shóisialta faoin bhféile agus faoi na filí	Mar a chéile	Ní raibh de dhifear eatarthu

3. Liostaigh na gníomhaíochtaí ar caitheadh an deontas.

Táillí do na filí; táillí do na haistritheoirí; lóistín d'Alan Titley (ródhéanach sa lá dó dul thar n-ais go BÁC – agus

bhí Féile Dánnerstag ag iarraidh go mbeadh an file compórdach toisc go bhfuil sé ar scor); lóistín Gabriel Rosenstock (ní raibh Gabriel rómhaith roimh an bhféile agus bheartaigh Féile Dánnerstag lóistín a chur ar fáil do Gabriel ionas go bhfuil sé féin ar scor chomh maith); lóistín Hans-Christian Oeser (arís eile, tá Hans go maith sna seascaidí agus bheartaíomar go mbeadh sé crua air teacht go Luimneach, agus ansin dul abhaile díreach tar éis dó na dánta as Gearmáinis a léamh).

4. Inis dúinn, le do thoil, cad é a d'fhoghlaim tú ón tionscadal agus aon mholtaí chun feabhais atá agat?

D'fhoghlaimíomar go leor faoi

- na dátaí agus na hamanna is fearr le hócáid Ghaeilge a chur ar siúl
- faoin tslí gur minic a chabraíonn an suíomh ina léirítear an léamh filíochta go mór leis an ócáid
- go bhfuil suim mhór ag daoine sa Ghaeilge, go háirithe daoine a rinne Gaeilge ar scoil, agus gur maith an uirlis í an fhilíocht le daoine a mhealladh thar n-ais chuig an teanga
- go bhfuil an-suim ag daoine sna nascanna idir an Ghearmáinis (sa chás seo) agus an Ghaeilge, agus go méadaíonn sin ar shuim dhaoine sa teanga nuair a thuigeann siad na nascanna sin níos fearr. Ní hamháin sin, ach chuaigh na nascanna sin go mór ar mhic léinn a rinne freastal ar na léamhanna filíochta
- go bhfuil féidearthachtaí ann LEABHAR a fhoilsiú bunaithe ar an bhféile seo
- go gcabhraíonn an ceol – agus baineadh úsáid as an gceol ag gach léamh filíochta, seachas ceann Gabriel Rosenstock – go mór le gnéithe den aistriúchán agus den bhfilíocht a chur in iúl don phobal, go háirithe maidir le téamaí agus le hábhar na filíochta

5. Cuir síos, le do thoil, ar do thaithí ar bheith ag plé le Foras na Gaeilge agus aon mholtaí chun feabhais atá agat.

Bhi foireann Fhoras na Gaeilge thar barr. Molaim an Foras as an gcáipéisíocht seo, agus as iarraidh ar Stiúrthóirí

Fhéile Dánnerstag na sonraí a chur ar fáil. Airgead poiblí atá ann, agus measaim go bhfuil sé an-tabhachtach go bhfuil gach rud trédhearcach, agus go dtuigtear cá bhfuil an t-airgead ag dul. Bhí Aisling agus Gráinne fíormhaith, molaim go hard iad.
Sin ráite, tá sé deacair do dhaoine ar nós mé féin (nach cuntasóir mé!) a bheith ag plé leis an gcáipéisíocht chéanna. Cheapas go raibh an fhoirm iarratais rófhada (34 leathanach): tá sin ceart go leor do dhaoine le céimeanna srl., agus le hoideachas – agus b'fhéidir gur bac a bheadh ann do (i) dhaoine nach bhfuil ardchaighdeán oideachais acu (ii)grúpaí éagsúla nach mbeadh an t-am ná caoi acu cáipéisí mar seo a chomhlánú. Tá an baol ann, dar liom, go rachaidh airgead an Fhorais chuig daoine atá go maith ag líonadh foirmeacha isteach. An féidir FNG an fhoirm fhada a shimpliú ionas a bheith cinnte go mbeidh seans ag réimse leathan daoine – agus an am céanna, go n-imrítear cothrom na Féinne maidir leis an trédhearcacht agus le caiteachais airgead poiblí? (mar is ceart).

An bhfuil an tuairisc dheiridh ar chaiteachas curtha ar fáil? **Tá** / Níl*

An bhfuil an cháipéisíocht chuí curtha ar fáil? **Tá** / Níl*

Síniú _____

Dáta _____02.12.2022 _____

Ról sa tionscadal **COMHSTIÚRTHÓIR FHÉILE DÁNNERSTAG** _____